Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Aibreán 2021
(OR. en)

8169/21

LIMITE

JEUN 39
SOC 228
EMPL 167
EDUC 137
SAN 243
SUSTDEV 50
GENDER 26

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle maidir leis an rialachas il-leibhéil a neartú agus rannpháirtíocht na ndaoine óga i bpróisis chinnteoireachta á cur chun cinn<br>- Formheas |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na dréachtchonclúidí maidir leis an rialachas il-leibhéil a neartú agus rannpháirtíocht na ndaoine óga i bpróisis chinnteoireachta á cur chun cinn, mar a d'ullmhaigh an Mheitheal um an Óige iad. Tá na toscaireachtaí uile ar aon fhocal anois maidir lena bhfuil sa téacs.

Iarrtar dá réir sin ar Choiste na mBuanionadaithe an comhaontú ar a dtángthas ag an gcruinniú den Mheitheal um an Óige maidir leis an téacs atá i gceangal a dhearbhú agus a chur ar aghaidh go dtí an Chomhairle (EYCS an 17-18 Bealtaine 2021) lena fhormheas agus lena fhoilsiú ina dhiaidh sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

**IARSCRÍBHINN**

**Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle**

**maidir leis**

**an rialachas il-leibhéil a neartú agus rannpháirtíocht na ndaoine óga i bpróisis chinnteoireachta á cur chun cinn**

MAIDIR LEIS AN gCOMHAIRLE AGUS IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT, AG TEACHT LE CHÉILE DÓIBH I dTIONÓL NA COMHAIRLE,

*AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á MHEABHRÚ DI*

1. Foráiltear le hAirteagal 165 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) do ghníomhaíocht an Aontais Eorpaigh a bheith dírithe ar rannpháirtíocht na ndaoine óga a chothú i saol daonlathach na hEorpa.

2. Luaitear in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach go bhfuil an tAontas 'fothaithe ar luachanna an mheasa ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus an mheasa ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad'. Aithnítear in Airteagal 10(3) go bhfuil an ceart ag gach saoránach a bheith rannpháirteach i saol daonlathach an Aontais.

3. Luaitear in Airteagail 11 agus 12 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh go bhfuil ag gach duine an ceart chun saoirse nochtaithe tuairime, comhthionóil shíochánta agus comhlachais. Dearbhaítear in Airteagal 24 go bhféadfaidh leanaí a dtuairimí a nochtadh go saorálach agus go gcuirfear na tuairimí sin san áireamh i dtaca le hábhair a bhaineann leo i gcomhréir lena n-aois agus lena n-aibíocht.

4. In *Council Resolution on a framework for European cooperation in the youth field: The European Union Youth Strategy 2019-2027*[1] [Rún ón gComhairle maidir le creat don chomhar Eorpach i réimse na hóige: Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh], tagraítear don tábhacht a bhaineann le bheith ag tacú le rannpháirtíocht shóisialta agus shibhialta agus is é is aidhm leis a áirithiú go mbeidh na hacmhainní is gá ag gach duine óg le bheith rannpháirteach sa tsochaí. Aithnítear freisin sa Rún rannpháirtíocht[2] agus na gnéithe domhanda, Eorpacha, náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla[3].

5. Aithnítear i gClár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe[4] gur gníomhaithe gníomhacha na forbartha inbhuanaithe iad na daoine óga; I gClár Gníomhaíochta Domhanda na Náisiún Aontaithe don Óige[5], éilítear rannpháirtíocht iomlán éifeachtach na ndaoine óga i saol na sochaí.

6. In *The Council of Europe's European Charter on the Participation of Young People in Local and Regional Life*[6] [Cairt Eorpach Chomhairle na hEorpa maidir le Rannpháirtíocht na nDaoine Óga sa Saol Áitiúil agus Réigiúnach] leagtar béim ar a riachtanaí atá sé go dtreiseofaí an rochtain atá ag daoine óga ar theachtadh iomlán a gcearta agus a saoirsí, go háirithe cearta agus saoirsí a bhaineann leis an rannpháirtíocht.

7. Aithnítear sna conclúidí ón gComhairle maidir leis an bhfeasacht dhaonlathach agus an rannpháirtíocht dhaonlathach a chothú i measc an aosa óig san Eoraip[7] gur cheart gach duine óg a chumasú chun páirt fhóinteach a ghlacadh i gcinntí maidir le gach ábhar a bhaineann leo. Tá an ceart acu chun saoirse tuairimí a nochtadh, rochtain ar fhaisnéis a fháil agus cosaint a fháil ar an idirdhealú.

---

1 IO C 456, 18.12.2018, lch. 1

2 'Agus é á aithint gur acmhainn don tsochaí é gach duine óg, ba cheart do gach beartas agus gníomhaíocht a bhaineann le daoine óga seasamh leis an gceart atá ag daoine óga páirt a ghlacadh i gceapadh, i gcur chun feidhme agus in obair leantach na mbeartas lena ndéantar difear dóibh trí bhíthin rannpháirtíocht fhóinteach daoine óga agus eagraíochtaí óige. Sa chomhthéacs sin, ba cheart beartais a fhorbairt agus aitheantas á thabhairt ar na hathruithe a thagann as an gcumarsáid dhigiteach agus a dhéanann difear don rannpháirtíocht dhaonlathach agus shibhialta.' (aistriúchán neamhoifigiúil)

3 'D'fhonn tionchar inbhuanaithe ar dhaoine óga a áirithiú, tá sé tábhachtach go gcuimhneofaí ar na hidirnaisc idir na leibhéil réigiúnacha agus áitiúla agus beartas óige an Aontais á gcur chun feidhme agus go ndéanfaí gníomhaíochtaí ar leibhéal an phobail chun tacú le beartais óige. Ag an am céanna, ba cheart tuairimí daoine óga a chur san áireamh i gcás ina dtabharfaí aghaidh ar shaincheisteanna domhanda.' (aistriúchán neamhoifigiúil)

4 https://www.un.org/ga/search/view_doc.asp?symbol=A/RES/70/1&Lang=E

5 https://www.un.org/development/desa/youth/world-programme-of-action-for-youth.html

6 1992, *Revised European Charter on the Participation of Young People in Local and Regional Life* [An Chairt Eorpach Athbhreithnithe maidir le Rannpháirtíocht na nDaoine Óga sa Saol Áitiúil agus Réigiúnach], 2003 agus 2015

7 IO C 415, 1.12.2020, lch. 16

8. Sna conclúidí ón gComhairle maidir le ról daoine óga i ndáil le sochaí shlán chomhtháite chomhchuí san Eoraip a fhorbairt[8], luaitear gur nuálaithe agus gníomhairí don athrú iad daoine óga agus gur cheart tacú go gníomhach leis an gcuidiú a thugann siad, iarraidh orthu cuidiú a thabhairt agus a mheas go bhfuil an cuidiú sin bunriachtanach chun sochaí shíochánta a fhothú agus chun tacú leis an rialachas daonlathach.

9. Leis an Rún ón gComhairle maidir le rannpháirtíocht na ndaoine óga a chothú i saol daonlathach na hEorpa[9] agus leis an Rún ón gComhairle maidir le foirmeacha nua éifeachtacha de rannpháirtíocht na ndaoine óga go léir a chothú i saol daonlathach na hEorpa[10] neartaítear an ghné óige fhoriomlán agus cuirtear chun suntais a thábhachtaí atá sé rannpháirtíocht ghníomhach fhreagrach na ndaoine óga a chur chun cinn i gceapadh na mbeartas lena ndéantar difear do shaol daoine óga.

10. Léirítear i suirbhé flais-Eorabharaiméadar maidir le daoine óga a rinneadh in 2019[11] go bhfuil daoine óga an-ghníomhach sa saol daonlathach, agus go bhfuil na leibhéil rannpháirtíochta ag dul i méid: bhí trí cheathrú de na freagróirí óga páirteach i ngluaiseacht eagraithe de chineál éigin.

11. Tá sé le tuiscint ón staidreamh ar mhórphictiúr ionadaíochta óige san Aontas[12] go bhfuil earnáil óige an Aontais ag fás agus go bhfuil príomhról go fóill ag struchtúir thraidisiúnta óige amhail eagraíochtaí neamhrialtasacha agus líonraí; aithnítear ann freisin go bhfuil gá le spásanna is ilghnéithí agus is solúbtha le haghaidh na rannpháirtíochta.

---

8 IO C 195, 7.6.2018, lch. 13

9 IO C 417, 15.12.2015, lch. 10

10 IO C 169, 9.6.2011, lch. 1

11 *Flash Eurobarometer 478: How do we build a stronger, more united Europe? The views of young people* [Flais-Eorabharaiméadar 478: Cad é mar a thógfaimid Eoraip a bheidh níos láidre agus níos aontaithe? Dearcthaí na ndaoine óga], https://data.europa.eu/euodp/fr/data/dataset/S2224_478_ENG

12 *Study on the landscape of youth representation in the EU, 2019* [Staidreamh ar mhórphictiúr ionadaíochta óige san Aontas, 2019], https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/57e87ca0-900d-11ea-812f-01aa75ed71a1/language-en/format-PDF/source-search

*AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á AITHINT ACU*

12. Cé go ndearnadh dul chun cinn suntasach sa réimse, is lú fós na deiseanna a bhíonn ag daoine óga a bheith rannpháirteach, is tearc a n-ionadaíocht i bpróisis chinnteoireachta agus bíonn dúshláin iomadúla rompu ar chuir paindéim COVID-19 i méad iad. Ar na dúshláin is mó[13] a chuaigh i méad i measc daoine óga i bpoist leochaileacha tá riosca is airde dífhostaíochta, éiginnteacht fostaíochta, an bhochtaineacht, an t-eisiamh, an t-imeallú, an t-idirdhealú agus an neamhionannas, infheistíocht neamhleor i bhforbairt scileanna, agus tionchar ar a meabhairshláinte.

13. Tá nasc idir leochaileacht mhéadaitheach na ndaoine óga agus rochtain mhíchothrom ar oideachas agus oiliúint fhoirmiúil chuimsitheach, ar fhoghlaim agus deiseanna seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla, ró-ionadaíocht in obair neamhchaighdeánach agus rochtain neamhleor ar chosaint shóisialta, nithe a mbíonn tionchar struchtúrach acu ar shaol daoine óga, ar a bhfuascailt agus ar a n-aistriú chuig neamhspleáchas, go háirithe maidir le rochtain ar thithíocht, dálaí córa maireachtála, cúram sláinte agus poist chuibhiúla.

---

13 Comhpháirtíocht idir an tAontas agus Comhairle na hEorpa i réimse na hóige, *Towards a better understanding of the impact of Covid-19 on the youth sector* [Chun gur fearr an tuiscint ar thionchar Covid-19 ar earnáil na hóige], https://pjp-eu.coe.int/documents/42128013/72351197/Summary+13+Oct+2020.pdf/c8808ff7-25be-f7f9-3504-b2a189a64bd0; Parlaimint na hEorpa, 'Covid-19: *MEPs ask to prevent lasting damage on youth and on sport* [Éilíonn FPEnna go gcoiscfí díobháil mharthanach don óige agus don spórt] (Eanáir 2021) https://www.europarl.europa.eu/news/en/press-room/20210122IPR96224/covid-19-meps-ask-to-prevent-lasting-damage-on-youth-and-on-sport; Freagairtí Beartais ECFE ar an gCoróinvíreas (COVID-19), *Youth and COVID-19: Response, recovery and resilience* [An óige agus Covid-19: Freagairt, téarnamh agus athléimneacht] (Meitheamh 2020), https://www.oecd.org/coronavirus/policy-responses/youth-and-covid-19-response-recovery-and-resilience-c40e61c6/; EIS, Fostaíocht don aos óg, https://www.ilo.org/global/topics/youth-employment/lang--en/index.htm.

14. Is dianghá go gcuirfí oideachas ardchaighdeáin saoránachta ar fáil do dhaoine óga lena gcothófaí luachanna daonlathacha agus go gcumhachtófaí iad le scileanna litearthachta faisnéise agus meán ionas go mbeidh siad in ann comhthéacsanna polaitiúla agus sochaíocha a thuiscint, bagairtí na bréagaisnéise, na deighilte agus na bolscaireachta a aithint agus eolas iomlán neamhshrianta acu chun roghanna agus cinntí ábhartha a dhéanamh.

15. I gClár Oibre Straitéiseach nua 2019-2024 ón gComhairle Eorpach[14] agus Clár Oibre 2021 ón gCoimisiún[15] aithnítear an ról a bheidh ag daoine óga agus Eoraip aeráidneodrach glas cothrom digiteach sóisialta á tógáil, patrúin inbhuanaithe tomhaltais agus táirgeachta á gcur chun cinn, agus Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus Comhaontú Pháras maidir leis an athrú aeráide á chur i bhfeidhm.

16. Bíonn príomhról ag an seachfhoghlaim agus ag an bhfoghlaim neamhfhoirmiúil, mar shampla in ábhair shibhialta agus sa rannpháirtíocht; leabaítear iad sin sa Chlár Oibre Eorpach don Obair Óige[16]; agus is é is aidhm leo an comhar a neartú agus a fhorbairt idir na gníomhaithe éagsúla san obair óige i réimsí iomadúla, i gcomhréir le'Próiseas Bonn' agus cur chun feidhme creata straitéisigh um fhorbairt na hoibre óige[17].

---

14 https://www.consilium.europa.eu/media/39914/a-new-strategic-agenda-2019-2024.pdf

15 https://ec.europa.eu/info/publications/2021-commission-work-programme-key-documents_en

16 *Resolution of the Council and of the Representatives of the Governments of the Member States meeting within the Council on the Framework for establishing a European Youth Work Agenda* [Rún ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtas na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle maidir leis an gCreat chun Clár Oibre Eorpach don Obair Óige a bhunú] (2020/C415/01), https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=uriserv%3AOJ.C_.2020.415.01.0001.01.ENG&toc=OJ%3AC%3A2020%3A415%3ATOC

17 An 3ú Coinbhinsiún Eorpach maidir le hObair Óige, Dearbhú Críochnaitheach https://www.eywc2020.eu/downloads/doctrine/WebforumVeranstaltungenWebsiteBundle:Media-file-54/EN_3rd%20EYWC_final%20Declaration.pdf

*MEASANN SIAD mar a leanas*

17. Cuireann daoine óga go mór le forbairt bhreise na sochaí. Na cinntí a dhéantar inniu, bíonn tionchar acu ar an saol atá ag daoine óga faoi láthair agus a bheidh acu amach anseo. Saincheisteanna trasearnálacha a bhfuil baint acu leis an gclár oibre polaitiúil ina iomláine, bíonn tionchar acu sin ar dhaoine óga agus dá réir sin is den riachtanas go mbeadh siad rannpháirteach agus bainteach ó thaobh freagairtí a aimsiú i ndáil le dúshláin shochaíocha, chomhshaoil, dhigiteacha, eacnamaíocha, chultúrtha agus pholaitiúla chun prionsabal daonlathach na hionadaíochta a chothú. Leis sin, ba cheart go mbeadh ar chumas daoine óga a bheith i gceannas ar a saol féin, foghlaim, guth a bheith acu ó thaobh sochaithe athléimneacha, comhtháite, cuimsitheacha, aeráidneodracha, rathúla, cothroma, inbhuanaithe a fhorbairt, agus rannchuidiú le téarnamh na hEorpa i gcomhthéacs mórghéarchéimeanna amhail paindéim COVID-19, agus rannchuidiú freisin leis na haistrithe digiteacha agus glasa.

18. Ar mhaithe le cur chuige éifeachtach i leith an rialachais il-leibhéil[18] i réimse na hóige, agus go háirithe rannpháirtíocht daoine óga, is den tábhacht go dtacófaí le bunú agus forbairt ionadaíocht na hóige ar gach leibhéal[19], go n-aithneofaí ceart na ndaoine óga iad féin a eagrú agus a bheith páirteach agus go gcuirfí ar a gcumas é sin a dhéanamh. Tá sé fíor-riachtanach aitheantas agus tacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí agus do struchtúir óige, agus timpeallacht chumasúcháin á háirithiú ar gach leibhéal, le go mbeidh daoine óga rannpháirteach i bpróisis chinnteoireachta ar bhealach éifeachtach, fóinteach, inbhuanaithe.

---

[18] Féach an sainmhíniú atá san Iarscríbhinn.

[19] Féach an sainmhíniú atá san Iarscríbhinn.

19. I Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027[20] tagraítear do rannpháirtíocht na hóige sa saol daonlathach, tacaítear le rannpháirtíocht shóisialta agus shibhialta agus féachtar lena áirithiú go mbeidh na hacmhainní is gá ag gach duine óg chun páirt a ghlacadh sa tsochaí, agus béim á leagan ar réadú físe agus spriocanna daoine óga don Eoraip trí leas a bhaint as ionstraimí beartais ar leibhéal an Aontais, chomh maith le gníomhaíochtaí ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil á ndéanamh ag na geallsealbhóirí uile.

20. Leis an aon cheann déag de Spriocanna Eorpacha don Óige[21], dírítear ar fhís daoine óga don Eoraip, sainaithnítear réimsí trasearnálacha a mbíonn tionchar acu ar shaol daoine óga agus léirítear tosaíochtaí atá tábhachtach dóibh, lena n-áirítear rannpháirtíocht na hóige féin sa naoú Sprioc Eorpach don Óige, 'Spás agus rannpháirtíocht do chách'.

21. Is éard atá i gceist le rannpháirtíocht na hóige cearta a fheidhmiú agus deiseanna, rochtain chomhionann, tacaíocht agus freagracht a bheith ag daoine óga chun páirt a ghlacadh i gcinntí agus tionchar a imirt ar na cinntí sin, agus a bheith páirteach go córasach i ngníomhú agus gníomhaíochtaí a chabhraíonn le sochaí atá bunaithe ar luachanna an Aontais a neartú.

22. Baineann rannpháirtíocht na hóige freisin le cosc a chur leis an gcúngú spásanna don tsochaí shibhialta, rud a bhfuil tionchar suntasach aige ar phróisis chinnteoireachta agus a chruthaíonn dúshláin bhreise do dhaoine óga, d'eagraíochtaí agus struchtúir óige, agus d'oibrithe óige.

---

[20] IO C 456, 18.12.2018, lch. 1
[21] Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh, Iarscríbhinn 3, ibid.

23. Uirlis thábhachtach é Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh[22] le deich mbliana anuas ó thaobh rannpháirtíocht na hóige a chothú ar gach leibhéal, trí páirt a thabhairt do chomhairlí óige, meithleacha náisiúnta agus geallsealbhóirí eile don óige, agus idirphlé struchtúrach á chur chun cinn ag an am céanna le cinnteoirí ábhartha. Tá rannchuidiú mór tugtha ag geallsealbhóirí na sochaí sibhialta don óige, go háirithe Fóram Eorpach na nÓg, eagraíochtaí idirnáisiúnta neamhrialtasacha óige agus comhairlí náisiúnta óige i ndáil le hionadaíocht do dhaoine óga i bpróisis chinnteoireachta ar leibhéal an Aontais, *inter alia* trí Chomhdhálacha Óige an Aontais Eorpaigh.

24. Tá éagsúlacht ó Bhallstát go Ballstát de chuid an Aontais ó thaobh rialachas bheartas na hóige de mar gheall ar na comhthéacsanna difriúla polaitiúla, cultúrtha, stairiúla, sochaíocha agus geografacha atá acu. Tá creataí éagsúla acu (e.g. an creat dlíthiúil d'fhorbairt bheartas na hóige, ról na gcomhlachtaí tofa/na struchtúr reachtach, nó na hábhair a chumhdaítear le beartais don óige), chomh maith le samhlacha éagsúla cur chun feidhme (e.g. comhordú cothrománach, ingearach nó trasearnálach, cumhachtaí cur chun feidhme ar leibhéil éagsúla den riarachán poiblí)[23].

25. Daoine óga á gcur féin in iúl i raon leathan éagsúil formáidí agus comhthéacsanna geografacha, sin an bonn d'ionadaíocht agus rannpháirtíocht na hóige. Ar na formáidí sin áirítear eagraíochtaí agus grúpaí neamhfhoirmiúla, ó thimpeallachtaí uirbeacha go ceantair thuaithe agus iargúlta[24], struchtúir oibre óige, comhairlí óige agus eagraíochtaí óige ar gach leibhéal, chomh maith le daoine óga aonair nach cuid d'aon struchtúir nó eagraíocht iad.

---

22 IO C 189, 2.6.2019, lch. 1

23 *Insights into youth policy governance*, Youth Partnership, 2018, https://pjp-eu.coe.int/documents/42128013/47261953/122018-Insights_web.pdf/99400a12-31e8-76e2-f062-95abec820808

24 IO C 193, 9.6.2020, lch. 3

*CUIREANN SIAD I dTÁBHACHT*

26. Is den riachtanas go mbeadh deiseanna comhionanna ag gach duine óg i ndáil le rannpháirtíocht, páirt a ghlacadh agus cumhachtú i bpróisis chinnteoireachta ábhartha ar gach leibhéal. Tá tábhacht ag baint leis an rannpháirtíocht sin, ní hamháin ó thaobh cáilíocht bheartais na hóige, ach freisin ó thaobh na mbeartas idirdhisciplíneach eile ar fad a mbíonn tionchar acu ar dhaoine óga. Baineann sí le forbairt phearsanta, shóisialta, chultúrtha agus intleachtúil daoine óga agus lena n-aistriú chuig an aosacht[25].

*27.* Le rannpháirtíocht na hóige, gintear cómhuintearas, saoránacht agus dlúthpháirtíocht, agus cuirtear le trédhearcacht agus cuntasacht na bpróiseas beartais i leith daoine óga. Ag an am céanna, le rannpháirtíocht na hóige cumasaítear daoine óga agus cuidítear leo féinmhuinín a fhorbairt mar aon le féith an tionscanta agus na freagrachta, agus braistint na húinéireachta, lena gcuirtear ar a gcumas taithí agus scileanna ábhartha a fháil agus a fhorbairt dá saol daonlathach agus gairmiúil, i réimsí amhail na smaointeoireachta criticiúla, na cumarsáide, na caibidlíochta agus spiorad foirne.

28. Trí rialachas il-leibhéil a phríomhshruthú agus rannpháirtíocht daoine óga i bpróisis chinnteoireachta á cur chun cinn, cothaítear sochaithe atá cuimsitheach athléimneach, neartaítear an comhtháthú sóisialta, sibhialta agus críochach, agus feabhsaítear na naisc idir beartais ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal áitiúil trí thionscnaimh nithiúla amhail Príomhchathair Óige na hEorpa agus an tionscadal de chuid Erasmus+ An tAos Óg i mBun Gníomhaíochta dar theideal 'An Eoraip Áitiúil'[26]. Ag an am céanna, leis an bpríomhshruthú sin cumhachtaítear daoine óga trí dheiseanna a chruthú dóibh an t-eolas, na scileanna, na hinniúlachtaí agus na dearcthaí a chleachtadh agus a fheabhsú atá riachtanacha dóibh má tá siad le bheith iomlán páirteach i sochaithe éagsúla agus le bheith ullamh do dhúshláin an ama atá le teacht.

[25] Dearbhú Críochnaitheach Lisboa+21

[26] https://www.europegoeslocal.eu/about/

29. Le claochlú digiteach ár gcuid daonlathas[27], tagann gá freisin le bealaí nuálacha malartacha rannpháirtíochta a fhiosrú agus a chur chun cinn, amhail uirlisí an daonlathais dhigitigh, agus aitheantas á thabhairt, ag an am céanna, do na dúshláin a bhaineann le rannpháirtíocht sa spás digiteach agus an rochtain theoranta atá ag roinnt daoine óga ar an idirlíon nó ar theicneolaíochtaí digiteacha, nó a n-easpaí maidir leis na scileanna agus an eolas is gá chun iad a úsáid. Dá bhrí sin, is gá rochtain agus réitigh shaincheaptha a chur ar fáil chun tacú le rannpháirtíocht na hóige sa saol daonlathach trí mheáin dhigiteacha agus chun go nglacfadh daoine óga páirt ar bhealach cuimsitheach.

30. Ní mór tuilleadh tacaíochta a thabhairt do bheartais lena gcruthaítear níos mó deiseanna do dhaoine óga agus lena gcumasaítear a rannpháirtíocht iomlán sa tsochaí. Sa chomhthéacs sin, ní mór feabhas a chur ar ról na hoibre óige, ról na foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla agus ról an idirphlé éifeachtaigh leis na daoine óga ar fad, i gcreat cur chuige trasearnálaigh i leith réimsí amhail an beartas sóisialta, an fhostaíocht, an t-oideachas, an claochlú digiteach, an cúram sláinte, an tithíocht, an cultúr agus an comhshaol.

31. Le go mbeidh daoine óga rannpháirteach ar bhealach éifeachtach[28] sa tsochaí, ní mór roinnt príomhghnéithe a chur san áireamh, mar shampla: rialachas bheartas na hóige a mhapáil; tagairfhoghlaim[29] maidir le sásraí bheartais na hóige ar gach leibhéal; oiliúint a chur ar oifigigh phoiblí maidir le saincheisteanna rannpháirtíocht na hóige; agus ról agus freagrachtaí daoine óga a shainaithint maidir le beartais a cheapadh, a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a mheas.

---

27 Teachtaireacht ón gCoimisiún*on the European democracy action plan* [An Plean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach], https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=COM%3A2020%3A790%3AFIN&qid=1607079662423

28 *Insights into youth policy governance*, Youth Partnership, 2018, https://pjp-eu.coe.int/documents/42128013/47261953/122018-Insights_web.pdf/99400a12-31e8-76e2-f062-95abec820808

29 Féach an sainmhíniú atá san Iarscríbhinn.

*AGUS TUGANN SÍ DÁ hAIRE*

32. Smaointe agus tuairimí a roinn daoine óga ag Comhdháil Óige an Aontais Eorpaigh i mí an Mhárta 2021, ag ar leag daoine óga amach roinnt tionscnamh nach beag a luach i dtaca le gníomhaíocht a spreagadh i measc na gcinnteoirí, eagraíochtaí óige agus daoine óga iad féin, chun an daonlathas a chur chun cinn ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus Eorpach. Baineann na smaointe agus na tuairimí sin leis an méid seo a leanas:

- sásraí a chur ar bun ag na leibhéil ábhartha chun dul i gcomhairle le daoine óga maidir le saincheisteanna beartais náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla;

- an fhoghlaim sheachfhoirmiúil agus an oiliúint abhcóideachta a eagrú do dhaoine óga, lena n-áirítear dóibh siúd a bhfuil níos lú deiseanna acu;

- aois agus cearta vótála a laghdú go dtí 16 bliana d'aois, in éineacht le hoideachas saoránachta, chun daoine óga a spreagadh agus a chumhachtú páirt ghníomhach a ghlacadh i dtoghcháin;

- spásanna poiblí atá ar fáil do dhaoine óga a shainaithint agus na spásanna sin a chur chun cinn, agus an fhaisnéis sin a chuíchóiriú;

- treoirlínte agus lipéid cháilíochta an Aontais a chomhfhorbairt agus a ghlacadh chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag gach duine óg ar spásanna digiteacha atá fabhrach don óige, slán agus cuimsitheach;

- ardáin a chruthú chun cuidiú le tionscnaimh agus le heagraíochtaí óige ón mbun aníos faoi stiúir na hóige ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach;

- cur leis an gcuraclam scoile agus na geallsealbhóirí a éagsúlú trí eagraíochtaí neamhrialtasacha a áireamh chun an smaointeoireacht chruthaitheach, an tsaoránacht ghníomhach agus cleachtas na cinnteoireachta a chothú trí oideachas seachfhoirmiúil.

*IARRANN SIAD AR NA BALLSTÁIT, I gCOMHRÉIR LE PRIONSABAL NA COIMHDEACHTA AGUS AR NA LEIBHÉIL IOMCHUÍ, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH*

33. Gach duine óg a chumhachtú tríd an oideachas agus an oiliúint, faisnéis atá dírithe ar an óige, aiseolas, foghlaim sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, an obair óige agus trí chleachtais eile a chuireann le rannpháirtíocht fheasach chriticiúil i bpróisis chinnteoireachta il-leibhéil.

34. Bunú struchtúr rialachais il-leibhéil inbhuanaithe a chur chun cinn agus tacú leo go leordhóthanach, chun rannpháirtíocht na hóige i bpróisis chinnteoireachta agus i rianú raoin taighde a éascú, agus ag an am céanna réitigh rannpháirtíochta seachfhoirmiúla éagsúla a spreagadh. Chuige sin, ní mór aitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí don óige, oibrithe óige, gairmithe óga, ceannairí óige**[30]**, scoileanna, múinteoirí, oiliúnóirí, traenálaithe agus geallsealbhóirí ábhartha eile agus tacaíocht a thabhairt dóibh agus ní mór go mbeidís go hiomlán rannpháirteach. Ba cheart iarrachtaí sonracha a dhéanamh chun freastal ar dhaoine óga nach bhfuil rannpháirteach i struchtúir ná eagraíochtaí foirmiúla agus iad a chumhachtú.

35. Tacú le réitigh fhisiciúla, hibrideacha agus dhigiteacha inrochtana agus iad a chur chun cinn, go háirithe i gcomharsanaíochtaí atá faoi mhíbhuntáiste agus i gceantair thuaithe agus iarghúlta a éascaíonn rannpháirtíocht agus rannpháirteachas gach duine óig i bpróisis chinnteoireachta ar gach leibhéal, ar bhealach ilearnálach, chun spásanna oscailte agus sábháilte a chur ar fáil dóibh mar aon le deiseanna le haghaidh forbairt phearsanta, shóisialta, chultúrtha agus ghairmiúil.

36. Deiseanna comhionanna agus cothroma a chur ar fáil, ag tacú le rannpháirtíocht agus rannpháirteachas na hóige de gach cineál ar gach leibhéal. Baineann an cur chuige sin le gach ábhar a dhéanann difear do dhaoine óga, mar shampla tithíocht, oideachas agus poist chuibhiúla, forbairt inbhuanaithe, an t-athrú aeráide, cearta an duine, cothromas agus dlúthpháirtíocht idirghlúine, comhionannas inscne, fothú acmhainneachta agus tionchar na digiteála. i gcomhréir leis an ngealltanas 'gan aon duine a fhágáil ar leataobh'**[31]**.

---

**30** Chun críche na gconclúidí seo, áirítear freisin ar cheannairí óige daoine óga a ghlacann orthu féin róil cheannaireachta gan a bheith páirteach in eagraíocht ná i struchtúr foirmiúil.

**31** *UN 2030 Agenda for Sustainable Development* [Clár oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe]

37. I gcás inarb iomchuí, sineirgí agus comhar idir earnálacha beartais agus cláir a bhaineann leis an óige a bhunú nó a choimeád, go háirithe idir oideachas agus oiliúint i ndáil le hobair óige agus taighdeoirí óige, chun smaointeoireacht chriticiúil a chothú, faisnéis chuimsitheach a chur ar fáil faoi phróisis chinnteoireachta ar gach leibhéal agus tuiscint, tiomantas agus rannpháirtíocht éifeachtach fhóinteach daoine óga a mhéadú.

*IARRANN SIAD AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN EORPACH, INA RÉIMSÍ INNIÚLACHTA FÉIN AGUS AR NA LEIBHÉIL IOMCHUÍ, AGUS AIRD CHUÍ Á TABHAIRT AR PHRIONSABAL NA COIMHDEACHTA, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH*

38. Tacú le struchtúir ghníomhacha inbhuanaithe agus iad a phríomhshruthú chun go mbeidh daoine óga rannpháirteach i bhforbairt beartas le haghaidh daoine óga agus in éineacht le daoine óga ar gach leibhéal agus i ngach réimse, agus rochtain ar shonraí iontaofa, ar fhianaise agus ar phróisis chinnteoireachta chuntasacha a ndéantar athbhreithniú orthu go rialta a chur ar fáil dóibh, ag tógáil ar phróisis rannpháirtíochta amhail Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh agus ar shocruithe eile sna réimsí éagsúla beartais arb é is aidhm dóibh rannpháirtíocht daoine óga a chothú.

39. Tacú le cuir chuige a fhorbairt a thuilleadh agus tacú le hathbhreithniú na gcur chuige sin lena ndírítear ar rannpháirtíocht na hóige i bpróisis chinnteoireachta a mhéadú ar gach leibhéal. A bhuí leis sin, féadfar tógáil ar choincheapa agus ar shásraí atá ann cheana agus ar obair Chomhairle na hEorpa, na mBallstát agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta sa réimse sin. Ba cheart go mbeadh daoine óga, oibrithe óige, eagraíochtaí óige (lena n-áirítear comhairlí áitiúla óige), cleachtóirí, taighdeoirí beartais óige, agus lucht ceaptha beartas ar gach leibhéal agus ó na hearnálacha ábhartha uile rannpháirteach sna cuir chuige sin.

40. Lántairbhe a bhaint as cláir ábhartha an Aontais (*inter alia* Erasmus+ agus an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach) chun tacú le heolas, malartú cleachtas agus gníomhaíochtaí foghlama frithpháirteacha agus iad a chur chun cinn mar aon le sásraí maidir le rannpháirtíocht daoine óga a cheapadh, a fhorbairt, a chur chun feidhme agus meastóireacht a dhéanamh orthu bunaithe ar chur chuige rialachais il-leibhéil.

41. I gcás inarb iomchuí, úsáid éifeachtach a bhaint as clár eolais an Aontais um beartas óige[32] agus na measúnaithe tionchair a chur san áireamh mar is iomchuí lena ndéantar, *inter alia*, comparáid idir raon feidhme rannpháirtíocht na hóige i bpróisis chinnteoireachta agus na gnéithe réigiúnacha agus áitiúla ó thaobh na déimeagrafaíochta, na folláine, an rannpháirteachais dhaonlathaigh agus na forbartha inbhuanaithe de.

42. Leanúint d'Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh agus na ngrúpaí oibre náisiúnta a cuireadh ar bun sna Ballstáit a chothú agus, i gcás inarb iomchuí, ról lárnach a choimeád do na comhairlí náisiúnta don óige, chun lántairbhe a bhaint as an gcreat sin i bpróisis chomhairleacha eile, amhail na próisis sin a bhaineann leis an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa agus leis An Tionscnamh Bauhaus Nua Eorpach.

*IARRANN SIAD AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH*

43. Gníomhaíocht phiarfhoghlama a eagrú i réimse na hóige a mbeidh mar chuspóir léi eolas agus taithí a mhalartú maidir le conas rannpháirtíocht éifeachtach daoine óga i bpróisis chinnteoireachta a chur chun cinn ar gach leibhéal agus i ngach réimse beartais, agus ar an gcaoi sin comhthuiscint ar choincheap an rialachais il-leibhéil a chruthú.

---

32 Mar a d'fhorbair an sainghrúpa a bunaíodh in 2019, i gcomhthéacs Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh (2019-2027) agus a Plean Oibre 2019-2021.

44. Rannchuidiú le fothú eolais agus acmhainneachta a mhéid a bhaineann le rannpháirtíocht na hóige i bpróisis chinnteoireachta ar leibhéil éagsúla, lena n-áirítear, i gcás inar féidir, trí Vicí don Óige, líonraí taighde don óige agus comhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta amhail Comhairle na hEorpa, na Náisiúin Aontaithe agus ECFE agus comhlachtaí ábhartha eile.

45. I gcás inarb iomchuí, Tairseach Eorpach na hÓige a úsáid chun dul i dteagmháil le daoine óga trí bhíthin idirphlé agus chomhairliúchán ar líne.

*IARRANN SIAD AR NA GNÍOMHAITHE UILE ATÁ RANNPHÁIRTEACH I nGNÍOMHAÍOCHTAÍ COMHAIR EORPACHA I RÉIMSE NA hÓIGE GACH IARRACHT A DHÉANAMH AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH*

46. Nósanna imeachta trédhearcacha a bhunú lena gcuirfear ar chumas daoine óga a bheith rannpháirteach go díreach i bpróisis chinnteoireachta, cibé acu ina n-aonar, i gcás ceannairí óige, nó trí eagraíochtaí óige, oibrithe óige, múinteoirí, taighdeoirí, iriseoirí nó struchtúir eile a bhaineann leis an óige nó grúpaí seachfhoirmiúla eile. Leis an rannpháirtíocht sin, ba cheart aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna uile a mbíonn tionchar acu ar shaol daoine óga, ar bhonn trasearnála, agus sineirgí agus comhar sna próisis chomhchinnteoireachta, freagrachtaí comhroinnte agus cur chun feidhme réiteach á gcur chun cinn ag an am céanna.

47. Raon feidhme agus réimse na ndeiseanna a leathnú do gheallsealbhóirí san oideachas foirmiúil agus san fhoghlaim neamhfhoirmiúil agus sheachfhoirmiúil gníomhú le chéile chun rannpháirtíocht na hóige i bpróisis chinnteoireachta a mhéadú agus chun tacú le foirmeacha éagsúla na 'foghlama rannpháirtíochta' ó aois luath toisc gur mó an deis a bheidh ann a mhéid a bhaineann le rannpháirtíocht ar feadh an tsaoil dá bharr[33].

[33] *Council Recommendation on key competences for lifelong learning* [Moladh ón gComhairle maidir le hinniúlachtaí lárnacha don fhoghlaim ar feadh an tsaoil] (IO C 189, 4.6.2018, lch. 1)

**Sainmhínithe**

Chun críche na gconclúidí seo ón gComhairle:

Tagraíonn '*rialachas il-leibhéil*' do struchtúir agus do phróisis chinnteoireachta, ar fud socruithe foirmiúla agus seachfhoirmiúla, arb ann dóibh ar leibhéil chríochacha éagsúla (idir áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus Eorpach), ina mbeadh daoine óga agus/nó eagraíochtaí óige rannpháirteach, ina ndéantar cinntí agus beartais i gcomhréir le socrú idir na gníomhaithe go léir, go cothrománach agus go hingearach araon, bunaithe ar phrionsabal na coimhdeachta, agus é mar aidhm go nglactar cinntí agus go gcuirtear beartais chun feidhme ar na leibhéil institiúideacha agus chríochacha is iomchuí.

Tagraíonn *'gach leibhéal'* do leibhéil áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta, Eorpacha agus dhomhanda, de réir mar is iomchuí.

Is próiseas é '*an tagairfhoghlaim*' trínar féidir le heagraíocht a feidhmíocht a chur i gcomparáid le feidhmíocht eagraíochtaí eile. Is é an sprioc atá ann foghlaim ó bhuanna eagraíochtaí eile agus ó na nithe a dhéanann siad go maith, spreagadh a lorg i dtaca le hobair de chuid na heagraíochta féin agus foghlaim ó bhotúin freisin. Ní hamháin gur comparáid idir táscairí, fíricí agus bearta atá ann, is próiseas gníomhach leanúnach é.

**Tagairtí**

Agus na conclúidí seo á nglacadh acu, tugann an Chomhairle agus Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, dá n-aire an méid seo a leanas:

– Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle maidir leis an bhfeasacht dhaonlathach agus an rannpháirtíocht dhaonlathach a chothú i measc an aosa óig san Eoraip (IO C 415, 1.12.2020, lch. 16)

  https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=uriserv%3AOJ.C_.2020.415.01.0016.01.ENG&toc=OJ%3AC%3A2020%3A415%3ATOC

– *Resolution of the Council and of the Representatives of the Governments of the Member States meeting within the Council on the Framework for establishing a European Youth Work Agenda* [Rún ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle maidir leis an gCreat chun Clár Oibre Eorpach don Obair Óige a bhunú] (IO C 415, 1.12.2020, lch. 1)

  https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=uriserv%3AOJ.C_.2020.415.01.0001.01.ENG&toc=OJ%3AC%3A2020%3A415%3ATOC

– Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle maidir le Deiseanna a Mhéadú do Dhaoine Óga i gCeantair Thuaithe agus Iargúlta (IO C 193, 9.6.2020, lch. 3)

  https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A52020XG0609%2801%29&qid=1609185718999

– *Resolution of the Council and of the Representatives of the Governments of the Member States meeting within the Council establishing guidelines on the governance of the EU Youth Dialogue* [Rún ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, lena mbunaítear treoirlínte maidir le rialú Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh] (IO C 189, 5.6.2019, lch. 1)

  https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=uriserv%3AOJ.C_.2019.189.01.0001.01.ENG&toc=OJ%3AC%3A2019%3A189%3AFULL

– Conclúidí ón gComhairle maidir le ról daoine óga i ndáil le sochaí shlán chomhtháite chomhchuí san Eoraip a fhorbairt (IO C 195, 7.6.2018, lch. 13)

  https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A52018XG0607%2802%29

– *Resolution of the Council of the European Union and the Representatives of the Governments of the Member States meeting within the Council on a framework for European cooperation in the youth field: The European Union Youth Strategy 2019-2027* [Rún ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle maidir le creat don chomhar Eorpach i réimse na hóige: Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh do 2019-2027] (IO C 456, 18.12.2018, lch. 1)

  https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?qid=1601482182235&uri=CELEX:42018Y1218(01)

– *Council Resolution on encouraging political participation of young people in democratic life in Europe* [Rún ón gComhairle maidir le daoine óga a ghríosú le bheith rannpháirteach sa pholaitíocht i saol daonlathach na hEorpa] (IO C 417, 15.12.2015, lch. 10)

  https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A42015Y1215%2802%29&qid=1609181989853

– *Council recommendation on key competences for lifelong learning* [Moladh ón gComhairle maidir le hinniúlachtaí lárnacha don fhoghlaim ar feadh an tsaoil] (IO C 189, 4.6.2018, lch. 1)

  https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=uriserv%3AOJ.C_.2018.189.01.0001.01.ENG

- *Council Recommendation on the validation of non-formal and informal learning* [Moladh ón gComhairle maidir leis an bhfoghlaim sheachfhoirmiúil agus an fhoghlaim neamhfhoirmiúil a bhailíochtú], (IO C 398, 22.12.2012, lch. 1)

  **https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32012H1222(01)&from=EN**

- Rún ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle maidir le cineálacha nua rannpháirtíochta daoine óga go léir a spreagadh sa saol daonlathach san Eoraip (IO C 169, 9.6.2011, lch. 1)

  https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A42011Y0609%2801%29

- Clár Oibre Straitéiseach Nua do 2019-2024, an Chomhairle Eorpach

  https://www.consilium.europa.eu/media/39914/a-new-strategic-agenda-2019-2024.pdf

- Clár Oibre an Choimisiúin do 2021

  https://ec.europa.eu/info/publications/2021-commission-work-programme-key-documents_en

- *Eurofound (2020), Living, working and COVID-19, COVID-19 series* [Tacar sonraí i ndáil le Maireachtáil, obair agus COVID-19, sraith COVID-19], https://www.eurofound.europa.eu/sites/default/files/ef_publication/field_ef_document/ef20059en.pdf

- COM(2020) 790 final – *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions on the European democracy action plan* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir leis an bPlean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach]

  https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=COM%3A2020%3A790%3AFIN&qid=1607079662423

- An 3ú Coinbhinsiún Eorpach maidir le hObair Óige, Dearbhú Críochnaitheach

  https://www.eywc2020.eu/downloads/doctrine/WebforumVeranstaltungenWebsiteBundle:Media-file-54/3rdEYWC_finaldeclaration.pdf

– Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe

Rún A/RES/70/1 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, a glacadh an 25 Meán Fómhair 2015

https://www.un.org/ga/search/view_doc.asp?symbol=A/RES/70/1&Lang=E

– Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh an 20 Samhain 1989

https://treaties.un.org/pages/ViewDetails.aspx?src=IND&mtdsg_no=IV-11&chapter=4&lang=en https://ec.europa.eu/anti-trafficking/sites/default/files/un_convention_on_the_rights_of_the_child_1.pdf

– Clár Gníomhaíochta Domhanda na Náisiún Aontaithe don Óige

https://www.un.org/esa/socdev/unyin/documents/wpay2010.pdf

– *Revised European Charter on the Participation of Young People in Local and Regional Life, 'Have Your Say!'* [An Chairt Eorpach Athbhreithnithe maidir le Rannpháirtíocht na nDaoine Óga sa Saol Áitiúil agus Réigiúnach, 'Cloisimis Uait!'], Comhairle na hEorpa https://rm.coe.int/1680702379

– *Revised European Charter on the Participation of Young People in Local and Regional Life* [An Chairt Eorpach Athbhreithnithe maidir le Rannpháirtíocht na nDaoine Óga sa Saol Áitiúil agus Réigiúnach], an Chomhdáil um Údaráis Aitiúla agus Réigiúnacha, Comhairle na hEorpa https://rm.coe.int/168071b4d6

– Comhairle na hEorpa, *Recommendation CM/Rec(2012)2 of the Committee of Ministers to Member States on the participation of children and young people under the age of 18* [Moladh CM/Rec(2012)2 ó Choiste na nAirí chuig na Ballstáit maidir le rannpháirtíocht páistí agus daoine óga faoi bhun 18 mbliana d'aois]

https://rm.coe.int/168046c478

– 'Youth Participation in Democratic Life', EACEA, 2013

https://www.lse.ac.uk/business-and-consultancy/consulting/assets/documents/youth-participation-in-democratic-life.pdf

- COM(2018) 269 final – SWD(2018) 168 final – Torthaí an mhodha oscailte comhordúcháin i réimse na hóige 2010-2018, a ghabhann leis an doiciméad dar teideal *Communication from the Commission to the European Parliament, the European Council, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions, Engaging, Connecting and Empowering young people: a new EU Youth Strategy* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Rannpháirtíocht, Nascadh agus Cumhachtú daoine óga: Straitéis Óige nua an Aontais Eorpaigh]

- https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A52018SC0168 *Insights into youth policy governance* [Léargais ar rialachas bheartas na hóige], Youth Partnership, 2018

  https://pjp-eu.coe.int/documents/42128013/47261953/122018-Insights_web.pdf/99400a12-31e8-76e2-f062-95abec820808

- *New and innovative forms of youth participation in decision-making processes* [Bealaí nua nuálacha de rannpháirtíocht na hóige sna próisis chinnteoireachta], Comhairle na hEorpa, mí Dheireadh Fómhair 2017

  https://rm.coe.int/new-and-innovative-forms-of-youth-participation-in-decision-making-pro/1680759e6a

- Páipéar anailíse maidir le rannpháirtíocht na hóige, *Young people political participation in Europe: What do we mean by participation?* [Rannpháirtíocht pholaitiúil na hóige san Eoraip: Céard atá i gceist againn le rannpháirtíocht?], Youth Partnership

  https://pjp-eu.coe.int/documents/42128013/47261980/What+is+youth+participation.pdf/223f7d06-c766-41ea-b03c-38565efa971a

- *Partnership between the EU and the CoE in the field of youth* [Comhpháirtíocht idir an tAontas agus Comhairle na hEorpa i réimse na hóige], 2020

  https://pjp-eu.coe.int/en/web/youth-partnership

  https://pjp-eu.coe.int/en/web/youth-partnership/covid-19

  https://pjp-eu.coe.int/en/web/youth-partnership/latest-update-and-analysis

– Parlaimint na hEorpa, 'Covid-19: MEPs ask to prevent lasting damage on youth and on sport' (an 27 Eanáir 2021)

https://www.europarl.europa.eu/news/en/press-room/20210122IPR96224/covid-19-meps-ask-to-prevent-lasting-damage-on-youth-and-on-sport

– Freagairtí Beartais ECFE ar an gCoróinvíreas (COVID-19), *Youth and COVID-19: Response, recovery and resilience* [An óige agus Covid-19: Freagairt, téarnamh agus athléimneacht] (an 11 Meitheamh 2020)

https://www.oecd.org/coronavirus/policy-responses/youth-and-covid-19-response-recovery-and-resilience-c40e61c6/#endnotea0z6

– EIS, Fostaíocht don aos óg

https://www.ilo.org/global/topics/youth-employment/lang--en/index.htm

– 'Seven key findings from the Youth Governance Survey', ECFE

http://www.oecd.org/mena/governance/seven-key-findings-from-the-youth-governance-survey.pdf

– Lisboa+21 *Declaration on Youth Policies and Programmes* [Dearbhú maidir le Cláir agus Beartais don Óige], 2019

https://www.lisboa21.gov.pt/en/content/declaracao/declaration.html

– An Tionscnamh Bauhaus Nua Eorpach

https://europa.eu/new-european-bauhaus/index_en